# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh
# Dlúthdhiosca samplach do 2010 agus ina dhiaidh sin
# Gaeilge: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
# Triail chluastuisceana

Tá trí chuid sa triail seo: tá Cuid A, Cuid B agus Cuid C.

**Cuid A**

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

**An chéad chainteoir**

Is mise Áine Ní Mhurchú as Inis Córthaidh i gContae Loch Garman. Is múinteoir í mo mháthair agus is feirmeoir déiríochta é m'athair. Bím ag obair le m'athair ag an deireadh seachtaine ach is gráin liom obair na feirme. Is breá liom dul chuig cluichí peile agus iomána nuair a bhíonn Loch Garman ag imirt.

**An dara cainteoir**

Seán Ó Mainnín anseo in Indreabhán, Contae na Gaillimhe. Rugadh mo mháthair in Inis Mór ach tháinig sí anseo nuair a phós sí m'athair. Iascaire é m'athair agus téim amach ag iascaireacht leis ina thrálaer uaireanta. Labhraimid Gaeilge i gcónaí sa bhaile agus is maith linn an amhránaíocht ar an sean-nós. Tá súil agam a bheith i mo mhúinteoir Gaeilge 's ceoil amach anseo.

**Cuid B**

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

**Fógra**

Tá bád canála ar díol i gCeatharlach. Tá droch-bhaill ar an mbád anois agus cosnóidh sé timpeall €60,000 í a dheisiú. Tá spéis ag Comhairle Bhaile Cheatharlach í a cheannach agus músaem nó bialann chanála a dhéanamh asti.

**Píosa nuachta**

Fógraíodh ar maidin go dtógfar Iarbhunscoil Eoin i nDroichead Átha, Contae Lú. Scoil chomhoideachais le haghaidh míle dalta a bhéas ann. Beidh áiseanna nua-aimseartha sa scoil nua agus raon leathan ábhar.

**Cuid C**

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

**Comhrá a haon**

**Máire:** Dia duit, a Shiobháin. Nach tú atá ag féachaint go maith.

**Siobhán:** Bhí mé sa Ghréig, a Mháire.

**Máire:** Ní oireann an teas domsa, ach conas a bhí an bhia?

**Siobhán:** An-bhlasta, a Mháire. Go háirithe na béilí éisc.

**SOS**

**Máire:** Ar bhuail tú le comhluadar deas ann?

**Siobhán:** Bhuail mé. Bhí na fir óga Ghréigeacha an-rómánsúil. Is é an trua nach raibh tú in éineacht liom.

**Máire:** Chuirfinn suas leis an teas dá mbeinn leat.

**Siobhán:** Ná bí buartha, a Mháire. Beidh Giorgio agus a chara ag teacht go hÉirinn go luath.

**Comhrá a dó**

**Deirdre:** Goite, a Shéamais.

**Séamas:** Tá áthas orm tú a fheiceáil, a Dheirdre. An bhfuil aon scéala agat dom?

**Deirdre:** Bhuaigh m'aintín Treasa Nic Eoin milliún euro sa Chrannchur Náisiúnta.

**Séamas:** Sin dea-scéal, a Dheirdre. Cad a rinne sí leis an airgead?

**Deirdre:** Cheannaigh sí carr nua.

**SOS**

**Séamas:** Níor cheannaigh mise ticéad riamh. Céard fút féin?

**Deirdre:** Ceannaím ticéad gach seachtain.

**Séamas:** Is dóigh liom nach fiú ticéad a cheannach – airgead amú é.

**Deirdre:** B'fhéidir é, a Shéamais, ach bainimse sult as.

**Séamas:** Ach sult an-chostasach é, a Dheirdre. Coimeád do chuid airgid in ionad é a chaitheamh le gaoth.

**Sin deireadh na trialach. Slán agaibh.**